



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Comhairle Chontae na Gaillimhe:

**Cur i bhFeidhm an Dualgais um
Chomhionannas agus Cearta Daonna don
Earnáil Phoiblí**

Plean Feidhmithe

Márta 2025

Rialú Leaganacha

Rannóg:	Seirbhísí Corparáideacha		
Teideal an Doiciméid:	Plean Feidhmithe ar an Dualgas um Chomhionannas agus Cearta Daonna don Earnáil Phoiblí a Chur i bhFeidhm		
Uimh. Leagain:	V.1		
Ullmhaithe ag:	Grúpa Oibre Rialachais Chorparáidigh	Dáta:	27.06.2023
Ceadaithe ag:	Foireann Bainistíochta	Dáta:	25.07.2023
Leasuithe:			
Uimh. Leagain	Cur Síos	Ceadaithe ag	Dáta
V.2	Nuashonraithe chun ailíniú le Treoirlínte IHREC a eisíodh i mí na Nollag 2024 & Plean Corparáideach CCnaG 2025-2029	Foireann Bainistíochta	25.03.2025

Clár na nÁbhar	Lch
1. Dualgais maidir le Comhionannas agus Cearta Daonna don Earnáil Phoiblí	4
2. Ráiteas maidir le Luachanna Comhionannais agus Cearta Daonna	5
2.1 Réamhrá	5
2.2 Ráiteas um Luachanna Comhionannais agus Cearta Daonna	6
3. Measúnú ar Cheisteanna Comhionannais agus Cearta Daonna	8
3.1 Réamhrá	9
3.2 Measúnú ar Cheisteanna Comhionannais agus Cearta Daonna	9
4. Cur i bhFeidhm a Éascú	15
5. Cur i bhFeidhm	17
5.1 Plean a Chur i bhFeidhm	17
5.2 Dualgais Leanúnach	18
5.3 Measúnú Comhionannais agus Freagairt Tionchair Cearta Daonna	19
5.4 Dualgas Straitéiseach	20
6. Tuairisc	20

Aguisín: Leabhar Fianaise

1. Dualgas maidir le Chomhionannas agus Cearta Daonna don Earnáil Phoiblí

Tá an Dualgas maidir le Comhionannas agus Chearta an Duine san Earnáil Phoiblí (an Dualgas) leagtha amach in Alt 42 den Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014¹. Tá dhá dhualgas ar leith bainteach leis na dualgas ach iad idirnasctha.

De réir Alt 42(1), tá dualgas agus riachtanas leanúnach ar chomhlachtaí poiblí aird a thabhairt ar an ngá atá le:

- Deireadh a chur le hidirdhealú;
- Comhionannas a chur chun cinn maidir le deiseanna agus maidir leis an gcaoi a gcaitear le baill foirne agus leis na daoine dá soláthraíonn sé seirbhísí; agus
- Cearta daonna a chomhaltaí, a fhoirne, agus na ndaoine dá soláthraíonn sé seirbhísí a chosaint.

De réir Alt 42(2) tá dualgas straitéiseach ar chomhlachtaí poiblí mar chuid dá gciorcal straitéise trí chéim a ghlacadh chun an Dualgas seo a chur i bhfeidhm:

- **Céim 1. Measúnú a dhéanamh:** Measúnú a dhéanamh ar na saincheisteanna comhionannais agus cearta daonna atá os comhair na ngrúpaí aitheanta maidir leis an Dualgas atá ábhartha do fheidhmeanna an chomhlachta poiblí, agus an measúnú sin a chur ar fáil don phobal trína bPlean Corparáideach.
- **Céim 2. Dul i nGleic:** Na pleananna, na beartais agus na gníomhartha atá á ndéanamh nó á moladh a shainaithint agus a chur in iúl, chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a aithníodh sa mheasúnú a aithint agus a chur in iúl trína Phlean Corparáideach; agus
- **Céim 3. Tuairisciú:** Tuairisciú bliantúil a dhéanamh ar na forbairtí agus na héachtaí maidir le cur i bhfeidhm an Dleachta, agus an tuairisc seo a chur ar fáil go poiblí trína thuarascáil bhliantúil.

Is iad na grúpaí aitheanta don Dualgas²:

- Na grúpaí sin atá clúdaithe ag na naoi bhforas faoi chosaint faoin reachtaíocht chomhionannais: inscne (lena n-áirítear léiriú inscne, féiniúlacht inscne agus tréithe gnéis); stádas sibhialta; stádas teaghlaigh (lena n-áirítear tuismitheoirí aonair agus daoine a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu); aois; míchumas (lena n-áirítear míchumas soghluaisteachta, céadfach agus intleachta, saincheisteanna meabhairshláinte, agus tinneas ainsealach); gnéaschlaonadh; cine (a chuimsíonn dath craicinn, náisiúntacht agus bunús eitneach); reiligiún (creideamh ar bith nó gan chreideamh), agus ballraíocht den Lucht Siúil.

¹ [Alt 42](#) An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014.

² [Dualgas maidir le Comhionannas agus Cearta Daonna don Earnáil Phoiblí a chur i bhfeidhm](#), Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2019.

- Go n-áireofaí na grúpaí siúd atá i mbaol bochtaineachta agus eisiamh sóisialta de ‘stádas socheacnamaíoch atá faoi mhíbhuntáiste’; agus
- Sealbhóirí ceart faoi na hionstraimí idirnáisiúnta éagsúla um chearta an duine.

Clúdaíonn an Dualgas gach feidhm atá ag comhlacht poiblí. Cuimsíonn feidhmeanna Chomhairle Chontae na Gaillimhe: fostaíocht; soláthar seirbhíse; cur chun cinn; rialtóir; ceapadh beartais; agus gnóthaí Corparáideacha.

Tá an plean cur chun feidhme seo ailínithe le treoirlínte a d’eisigh an Coimisiún um Chearta an Duine agus Comhionannas na hÉireann.

2. Ráiteas um Luachanna Comhionannais agus Cearta Daonna

2.1 Réamhrá


Tá ráiteas um luachanna comhionannais agus cearta daonna forbartha ag Comhairle Chontae na Gaillimhe chun tacú le cur chuige bunaithe ar luachanna maidir leis an gcaoi a gcomhlíonaimid an Dualgas. Aithníonn agus sainmhíníonn an ráiteas seo na ceithre luach a spreagann ár n-uaimhianta don Dualgas: dínit; éagsúlacht; rannpháirtíocht; agus ionchuimsitheacht. Do gach ceann de na luachanna seo bunaímid:

- **ráiteas tosaíochta**– na himpleachtaí luach an athraithe a bhfuilimid ag iarraidh cur leis agus na tosaíochtaí a leanaimid mar eagraíocht, chun comhionannas agus cearta daonna a chur san áireamh; agus
- **ráiteas próisis**– na himpleachtaí a bhaineann leis an luach a bheidh ar an mbealach a n-oibrímid chun an t-athrú seo a chur i bhfeidhm, chun comhionannas agus cearta daonna a chur san áireamh.

Tugann an ráiteas um luachanna comhionannais agus cearta daonna seo creat dúinn maidir leis an gcaoi a gcuirimid an Dualgas i bhfeidhm sa mhéid seo a leanas:

- Tá an measúnú ar chomhionannas agus saincheistean, an chéad chéim a éilítear faoin Dualgas, leagtha amach ag na luachanna seo chun a chinntiú go dtugtar aghaidh ar raon feidhme iomlán an chomhionannais agus chearta an duine; agus
- Feidhmíonn an ráiteas tosaíochta agus an ráiteas cuspóra do gach luach mar thagarmharcanna inár gcinnteoireacht chun ár n-uaimhian a chomhlíonadh maidir le comhionannas agus cearta daonna faoin Dualgas a chothú agus a choinneáil ailínithe, go háirithe agus Céim Dhul i nGleic an Dualgais á cur i bhfeidhm againn.

2.2 Ráiteas um Luachanna Comhionannais agus Cearta Daonna



Dínit

Baineann dínit le meas, cúirtéis, cothroime agus muintearas. Baineann sé le caitheamh go cothrom le gach duine, agus le bheith freagrúil do riachtanais aonair.

Ráiteas Tosaíochta: Cothaíonn agus tacaíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe le samhail de chomhtháthú sóisialta ina bhfuil stádas agus seasamh ag daoine agus ag pobail ó na grúpaí aitheanta mar bhaill luachmhara den tsochaí agus ina mbaineann siad tairbhe as caidreamh measúil agus cúirtéiseach leis an bpobal i gcoitinne.

Ráiteas Próisis: Oibrímid chun timpeallacht eagraíochta a chruthú ina gcaitear go cothrom le custaiméirí, le baill foirne agus le tairbhithe beartais ó na grúpaí sainaitheanta, ina mbaineann siad leas as muintearas agus caidreamh measúla, agus ina mbíonn meas ar phríobháideachas. Tá beartais i bhfeidhm againn a leagann síos caighdeáin ina leith sin agus a chuireann i bhfeidhm iad go héifeachtach.

Éagsúlacht

Is éard atá i gceist le héagsúlacht ná eagraíocht a léiríonn an tsochaí ar a bhfreastalaíonn sí agus atá inrochtana ina cuid feidhmeanna go léir. Baineann sé le hoiriúnú do shainriachtanais na héagsúlachta daoine.

Ráiteas Tosaíochta: Cothaíonn agus tacaíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe le timpeallacht inrochtana do na grúpaí aitheanta, agus déanann sí a dícheall prionsabail agus cleachtais de dhearadh uilíoch a chur chun cinn, a chur i bhfeidhm agus a chumasú don bhonneagar agus don ríocht phoiblí, agus do sholáthar seirbhíse agus ionaid oibre.

Ráiteas Próisis: Oibrímid ar bhealach atá inrochtana agus solúbtha chun freastal réasúnta a dhéanamh ar éagsúlacht na gcustaiméirí, na foirne agus na dtairbhithe beartais ó na grúpaí sainaitheanta, ag déanamh oiriúnuithe dá sainriachtanais laistigh

de na hacmhainní atá ar fáil, agus ag cinntiú go bhfuil na córais i bhfeidhm do fhreastal réasúnta a chur i bhfeidhm, agus a chur in iúl go héifeachtach.

Rannpháirtíocht

Is éard atá i gceist le rannpháirtíocht ná go bhfuil guth agus cead cainte ag daoine, agus go bhfuil rannpháirteachas agus comhoibriú ann. Is éard atá i gceist leis ná a bheith oscailte, eolas a chur ar fáil d'éagsúlacht na ndaoine, éisteacht leo agus lena n-eagraíochtaí ionadaíocha, agus iad a spreagadh le bheith rannpháirteach i bpróisis chomhairliúcháin agus chinnteoireachta agus in iarrachtaí comhpháirtíochta.

Ráiteas Tosaíochta: Oibríonn Comhairle Chontae na Gaillimhe chun eagraíochtaí ionadaíocha ar fud na ngrúpaí aitheanta a chur chun cinn agus chun tacú leo, agus chun struchtúir rannpháirtíochta agus bealaí oibre comhpháirtíochta a bhunú a éascaíonn rannpháirtíocht i measc daoine ó na grúpaí aitheanta agus a n-eagraíochtaí ionadaíocha i bhforbairt an Chontae.

Ráiteas Próisis: Oibrímid ar bhealach a n-éascaíonn éisteacht le custaiméirí, le baill foirne, agus le tairbhíthe beartais ó na grúpaí aitheanta trí raon bealaí, rud a chinntíonn go n-éistear leo agus go dtugtar a gcuid aiseolais agus tuairimí san áireamh. Bímid i dteagmháil le daoine ó na grúpaí aitheanta agus a n-eagraíochtaí ionadaíocha inár gcinnteoireacht agus inár bpróisis chomhairliúcháin agus struchtúir.

Ionchuimsitheacht

rBaineann ionchuimsitheacht le dáileadh acmhainní agus rochtain orthu agus feabhas a chur ar fholláine agus ar cháilíocht na beatha don éagsúlacht daoine. Is éard atá i gceist leis ná díriú ar dhaoine a fhulaingíonn an neamhionannas agus a ndul chun cinn a éascú agus a gcúinsí a athrú chun feabhais.

Ráiteas Tosaíochta: Déanann Comhairle Chontae na Gaillimhe a dícheall rannpháirtíocht iomlán agus éifeachtach na ndaoine agus na bpobal ó na grúpaí aitheanta i saol sóisialta, eacnamaíoch, polaitiúil agus cultúrtha an Chontae a chur chun cinn agus tacú leis.

Ráiteas Próisis: Oibrímid ar bhealach a dhíríonn agus a sholáthraíonn cúnamh agus acmhainní chun cúinsí agus saol na ndaoine agus na bpobal ó na grúpaí aitheanta a fheabhsú.

3. Measúnú ar Cheisteanna Comhionannais agus Cearta Daonna

3.1 Réamhrá

Socraíonn an measúnú atá riachtanach faoi Alt 42(2), faoin gcéad chéim den Dualgas na saincheisteanna comhionannais agus cearta daonna atá os comhair na ngrúpaí atá aitheanta don Dualgas a bhaineann le feidhmeanna Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Ní measúnú ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe ná ar a feidhmíocht é an measúnú seo. Is é an bunús an Dualgas a chur i bhfeidhm, idir an Dualgas foriomlán faoi Alt 42(1) agus an Dleacht straitéiseach faoi Alt 42(2), rud a éascaíonn cur chuige pleanáilte agus córasach i leith an chomhionannais agus chearta an duine. Feidhmíonn sé mar bhonn ónar féidir dul chun cinn ar cheisteanna comhionannais agus cearta daonna a chothú agus a fhorbairt tuilleadh.

Na ceithre luach a spreagann ár n-uaimhianta maidir le comhionannas agus cearta daonna i gcur i bhfeidhm an Dualgais - dínit; éagsúlacht; ionchuimsitheacht; agus rannpháirtíocht - úsáidtear iad mar fhráma chun an measúnú a leagan amach.

Tá an measúnú seo bunaithe ar fhianaise, agus tá an bonn fianaise curtha ar fáil san Aguisín a ghabhann leis an bplean feidhmithe seo.

3.2 Measúnú ar Cheisteanna Comhionannais agus Cearta Daonna

Trí aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna comhionannais agus cearta daonna a shainaithnítear thíos, léirítear tiomantas chun freagairt don leatrom ar leith a bhaineann le ciníochas, aicmeachas, cumasachas, homafóibe, trasfhóibe, seicteachas, gnéasachas agus aoiseachas.

Baineann na saincheisteanna comhionannais agus cearta daonna a sainaitníodh leis na grúpaí sainaitheantago léir mura gcuirtear a mhalairt in iúl. I gcásanna áirithe, tugtar samplaí sonracha maidir le grúpaí ar leith ag a bhfuil taithí ar leith maidir le saincheist(eanna) faoi leith nó sa chás go mbíonn an grúpa sin thíos le sárú suntasach/leanúnach maidir le neamhionannas/idirdhealú/cearta an duine faoi mar a bhaineann sé leis an tsaincheist faoi leith sin).

Dínit

Baineann dínit le meas, cúirtéis, cothroime agus muintearas. Baineann sé le caitheamh go cothrom le gach duine, agus le bheith freagrúil do riachtanais aonair.

Is iad na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine a dtabharfar aghaidh orthu agus an Dualgas á chur i bhfeidhm, faoi mar a bhaineann siad leis an luach seo agus le feidhmeanna Chomhairle Chontae na Gaillimhe ná:

- Clonadh, barúlacha bréagacha, agus steiréitíopaí, lena n-áirítear:
 - leibhéil réasúnta ard de steiréitíopáil a dhéanamh ar dhaoine scothaosta, ar an Lucht Siúil, ar imircigh, ar mhná agus ar dhaoine LADT+; agus
 - an stiogma a fhulaingíonn daoine LADT+.
- Idirdhealú, sistéamach agus aonair, lena n-áirítear:
 - obair a fháil, san ionad oibre agus rochtain a fháil ar sheirbhísí poiblí agus príobháideacha, lena n-áirítear tithíocht;
 - idirdhealú a bhaineann le toircheas, leithcheal bunaithe ar chiontú coiriúil, agus idirdhealú le linn féiniúlacht inscne a aistriú ag an obair; agus
 - leibhéil arda leithcheala a fhulaingíonn Grúpaí Dubha agus mionlaigh eitneacha, lena n-áirítear an Lucht Siúil agus na Romaigh, daoine faoi mhíchumas, agus daoine LADT+.
- Ciapadh, ciapadh gnéasach, micrea-ionsaithe, bulaíocht, mí-úsáid agus foréigean, lena n-áirítear:
 - foréigean inscnebhunaithe le hiarmhairtí ag an obair, amhail bheith gan dídean, agus easpa seirbhísí tacaíochta; agus
 - easpa sábháilteachta agus neamhchinnteacht do dhaoine scothaosta agus do dhaoine LADT+ i spásanna poiblí.
- An gá atá ann féiniúlacht duine a cheilt ar eagla go mbeidh idirdhealú nó ciapadh ag an obair, agus rochtain á fáil ar sheirbhísí, agus i spásanna poiblí, lena n-áirítear:
 - an Lucht Siúil, na Romaigh, daoine LADT+ agus daoine faoi mhíchumas folaithe san ionad oibre.
- Fuathchaint, gríosú fuatha, scaipeadh eagla maidir leis an éagsúlacht, agus díospóireacht phoiblí a normalaíonn seasaimh den sórt sin i leith daoine, lena n-áirítear:
 - imircigh agus iarrthóirí tearmainn, agus easpa tionscnamh idirchultúrtha chun teacht chun cinn feiniméin den sórt sin a sheachaint; agus
 - daoine LADT+.
- Teorainneacha ar neamhspleáchas agus uathriail, lena n-áirítear:
 - daoine faoi mhíchumas a institiúidiú agus gan rogha agus smacht a éascú maidir leis an áit mbeidh cónaí orthu;
 - easpa tacaíochta agus soláthar do chinnteoireacht chuidithe do dhaoine faoi mhíchumas;
 - institiúidiú daoine scothaosta agus gan a éascú do dhaoine an tseanaois a chaitheamh in dteach agus ina bpobal féin;
 - spleáchas airgeadais do dhaoine óga;
 - cur i bhfeidhm na gCoinníollacha Gnáthchónaithe maidir leis na Romaigh;
 - soláthar díreach do dhídeanaithe agus d'iarrthóirí tearmainn in ionaid chóiríochta; agus
 - easpa rochtana ar fhaisnéis agus gan roghanna eolasacha a éascú.
- Leithlisiú, lena n-áirítear:

- an Lucht Siúil, i dtéarmaí shuíomh a gcóiríochta;
- daoine LADT+, agus iad ag teacht amach agus ag maireachtáil i gceantair thuaithe;
- daoine óga, i dtéarmaí easpa áiseanna agus spásanna le bualadh lena chéile; agus
- daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas atá ina gcónaí leo féin.
- Easpa beartas agus nósanna imeachta chun freagra a thabhairt ar cheisteanna idirdhealaithe, ciaptha agus gnéaschiaptha a thagann chun cinn agus gan iad a chur i bhfeidhm go cuí nuair a thagann saincheisteanna den chineál sin chun cinn.
- Tearcthuairisciú ar idirdhealú ar eagla na híospártha, easpa feasachta ar chearta, peirspictíochtaí nach féidir athrú a dhéanamh, agus easpa eolais ar bheartais agus nósanna imeachta atá i bhfeidhm.

Éagsúlacht

Is éard atá i gceist le héagsúlacht ná eagraíocht a léiríonn an tsochaí ar a bhfreastalaíonn sí agus atá inrochtana ina cuid feidhmeanna go léir. Baineann sé le hoiriúnú do shainriachtanais na héagsúlachta daoine.

Is iad na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine a dtabharfar aghaidh orthu agus an Dualgas á chur i bhfeidhm, faoi mar a bhaineann siad leis an luach seo agus le feidhmeanna Chomhairle Chontae na Gaillimhe ná:

- Gan freastal réasúnach a dhéanamh agus oiriúnú do riachtanais shonracha i bhfostaíocht agus i soláthar seirbhíse, lena n-áirítear:
 - socruithe a dhéanamh agus solúbthacht maidir leis an ionad oibre agus soláthar seirbhíse do dhaoine faoi mhíchumas a oiriúnú;
 - easpa ateangaireachta agus aistriúcháin teanga san ionad oibre agus i soláthar seirbhíse, lena n-áirítear teanga chomharthaíochta;
 - gan oiriúnú d'éagsúlacht chultúrtha i measc grúpaí mionlaigh eitneacha agus acmhainní a chur ar fáil dóibh, lena n-áirítear easpa aitheantais agus freastal ar fhéiniúlacht agus ar chultúr ar leith an Lucht Siúil;
 - easpa cóiríochta atá oiriúnach ó thaobh cultúir de ar fáil don Lucht Siúil;
 - easpa socruithe scoir de réir a chéile solúbtha do dhaoine scothaosta;
 - easpa aitheantais do lánúineacha den ghnéas céanna agus easpa soláthair seirbhísí neodracha inscne chun freastal ar dhaoine LADT+; agus
 - easpa socruithe solúbtha oibre agus solúbthachta i seachadadh seirbhísí chun rochtain a éascú dóibh siúd a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu
- Easpa tacaíochtaí agus seirbhísí chun freastal ar riachtanais shonracha daoine ó na grúpaí aitheanta, lena n-áirítear:
 - tacaíochtaí agus seirbhísí a theastaíonn ó fhostaithe nó ó úsáideoirí seirbhísí faoi mhíchumas;

- tacaíochtaí a theastaíonn ó dhaoine scothaosta chun maireachtáil go neamhspleách; agus
- easpa tacaíochtaí do ghrúpaí dubha agus mionlaigh eitneacha lena n-áirítear an Lucht Siúil agus na Romaigh chun a gcultúir ar leith a chaomhnú, a chothú agus a chothabháil.
- Gan pleanáil a dhéanamh de réir dearadh don éagsúlacht agus na himpleachtaí praiticiúla a bhaineann leis sin, agus easpa na gcóras atá riachtanach don phleanáil agus don fhorbairt sin.
- Easpa tuisceana ar an éagsúlacht, easpa eolais ar conas freastal réasúnta a dhéanamh, easpa oiliúint ar an éagsúlacht agus ar aghaidh a thabhairt ar a himpleachtaí praiticiúla, easpa beartais maidir le hoiriúnú don éagsúlacht, agus easpa cumais chun na córais a theastaíonn chun freastal agus oiriúnú don éagsúlacht a chur i bhfeidhm.
- Gan faisnéis a bheith ar fáil agus inrochtana maidir le freastal réasúnach atá ar fáil agus conas leas a bhaint as.
- Timpeallachtaí institiúideacha, soláthar seirbhísí agus ionaid oibre atá dofháilteach, lena n-áirítear:
 - cásanna a choisceann nó nach spreagann ná éascaíonn daoine le bheith iomlán oscailte faoina bhféiniúlacht; agus
 - cásanna nach bhfuil aon infheictheacht dhearfach maidir leis an éagsúlacht.
- Inrochtaineacht an fhearainn phoiblí, na bhfoirgneamh, na gcóras TF, agus na seirbhísí iompair, lena n-áirítear:
 - bacainní rochtana atá roimh dhaoine faoi mhíchumas;
 - easpa spásanna poiblí aoisbháúil;
 - easpa prionsabail deartha uilíocha agus a gcur i bhfeidhm; agus
 - easpa inoiriúnaitheachta na n-aonad cónaithe don saolré.
- Gan próisis chumarsáide agus chomhairliúcháin agus rannpháirtíochta riachtanais agus bacainní sonracha a chur san áireamh, lena n-áirítear:
 - litearthacht;
 - éagsúlacht teanga;
 - gan cearta Gaeilge a chosaint;
 - an gá atá le Béarla simplí;
 - láithreacha tuaithe; agus
 - neamhionannas digiteach.
- Easpa for-rochtana do na grúpaí aitheanta.
- Easpa spásanna agus deiseanna cruinnithe, idirghníomhaithe, foghlama agus tionscnaimh trasna na héagsúlachta, lena n-áirítear:
 - spásanna idirghlúine; agus
 - spásanna idirchultúrtha.
- Gan trasnaíocht agus éagsúlacht laistigh de na grúpaí sainaitheanta a chur san áireamh, agus freagairt go leordhóthanach agus go hiomchuí don éagsúlacht sin, go háirithe i dtionscnaimh spriocdhírithe.

- Easpa sonraí comhionannais ar na grúpaí sainaitheanta, lena n-áirítear go háirithe grúpaí dubha agus mionlaigh eitneacha, lena n-áirítear an Lucht Siúil, agus daoine LADT+.

Ionchuimsitheacht

Baineann ionchuimsitheacht le dáileadh acmhainní agus rochtain orthu agus feabhas a chur ar fholláine agus ar cháilíocht na beatha don éagsúlacht daoine. Is éard atá i gceist leis ná díriú ar dhaoine a fhulaingíonn an neamhionannas agus a ndul chun cinn a éascú agus a gcúinsí a athrú chun feabhais.

Is iad na saincheistanna comhionannais agus chearta an duine a dtabharfar aghaidh orthu agus an Dualgas á chur i bhfeidhm, faoi mar a bhaineann siad leis an luach seo agus le feidhmeanna Chomhairle Chontae na Gaillimhe ná:

- Easpa dídine, lena n-áirítear:
 - ábharthacht ar leith don ghrúpa stádais shocheacnamaíoch;
 - ró-ionadaíocht daoine dubha agus daoine ó mhionlaigh eitneacha lena n-áirítear an Lucht Siúil, na Romaigh, tuismitheoirí aonair, imircigh, daoine ó mhion-reiligiúin, agus daoine óga; agus
 - tearc-ionadaíocht daoine faoi mhíchumas i measc iarratasóirí tithíochta.
- Míbhuntáiste tithíochta, lena n-áirítear:
 - ábharthacht ar leith don ghrúpa stádais shocheacnamaíoch;
 - plódú tithíochta go háirithe i gcás daoine dubha agus mionlaigh eitneacha lena n-áirítear an Lucht Siúil, na Romaigh, daoine faoi mhíchumas agus daoine óga;
 - cóiríocht agus dálaí maireachtála atá faoi bhun caighdeáin, go háirithe don Lucht Siúil, do na Romaigh, do thuismitheoirí aonair agus do dhaoine faoi mhíchumas;
 - éiginnteacht ó thaobh tithíochta de agus droch-choinníollacha do na grúpaí aitheanta san earnáil cíosa phríobháidigh; agus
 - easpa tacaíocht airgeadais d'oiriúnuithe tí do dhaoine faoi mhíchumas.
- Bochtaineacht agus ioncam íseal
 - ábharthacht ar leith don ghrúpa stádais shocheacnamaíoch;
 - leibhéal arda bochtaineachta comparáideacha do thuismitheoirí aonair, do dhaoine faoi mhíchumas, do Romaigh, don Lucht Siúil agus do dhídeanaithe;
 - ioncaim ísle, go háirithe do mhná agus do dhaoine faoi mhíchumas;
 - costais bhreise a bhaineann le míchumas nach ndéantar freastal orthu; agus
 - bearnaí pá agus pinsin, go háirithe do mhná.
- Dífhostaíocht, tearcfhostaíocht, agus obair neamhbhuana, lena n-áirítear:
 - leibhéal arda dífhostaíochta i measc daoine óga, daoine dubha agus mionlaigh eitneacha, lena n-áirítear an Lucht Siúil agus na Romaigh, tuismitheoirí aonair, agus daoine faoi mhíchumas;

- easpa rochtana ar obair chuibhiúil, go háirithe do mhná, do thuismitheoirí aonair, d'imircigh, do mhionlaigh eitneacha, lena n-áirítear an Lucht Siúil agus daoine faoi mhíchumas;
- easpa aitheantais do cháilíochtaí na n-imirceach;
- neart daoine in obair pháirtaimseartha agus neamhbhuan, go háirithe mná agus thuismitheoirí aonair;
- éagsúlacht teoranta i bhfostaíocht san earnáil phoiblí; agus
- deighilt fostaíochta, lena n-áirítear mná den chuid is mó in obair chúraim.
- Easpa ardú céime agus dul chun cinn gairme, lena n-áirítear:
 - bacainní ar ardú céime a bhíonn ag mná agus ag daoine faoi mhíchumas.
- Neamhionannas digiteach, easpa bonneagair, trealaimh, agus scileanna, lena n-áirítear
 - neamhionannas suntasach do dhaoine scothaosta, do dhaoine atá thíos leis an mbochtaineacht, agus don Lucht Siúil; agus
 - méadú ar sholáthar seirbhísí ar líne agus ar sholáthar faisnéise i gcomhthéacs an neamhionannais digiighí.
- Neamhionannas laistigh de na healaíona, lena n-áirítear:
 - bacainní ar bheith rannpháirteach sna healaíona mar thomhaltóirí agus mar ealaíontóirí féin; agus
 - bacainní ar ardú céime i ngairmeacha beatha sna healaíona, go háirithe do mhná.
- Bonneagar cúraim neamhleor, lena n-áirítear:
 - costas ard cúram leanaí;
 - soláthar neamhleor cúraim leanaí;
 - easpa seirbhísí cúraim do dhaoine scothaosta; agus
 - comhroinnt mhíchothrom ar fhreagrachtaí cúraim idir mná agus fir.
- Easpa spriocdhírthe agus gníomh dearfach chun aghaidh a thabhairt go díreach ar mhíbhuntáiste na ngrúpaí sainaitheanta.

Rannpháirtíocht

Is éard atá i gceist le rannpháirtíocht ná go bhfuil guth agus cead cainte ag daoine, agus go bhfuil rannpháirteachas agus comhoibriú ann. Is éard atá i gceist leis ná a bheith oscailte, eolas a chur ar fáil d'éagsúlacht na ndaoine, éisteacht leo agus lena n-eagraíochtaí ionadaíocha, agus iad a spreagadh le bheith rannpháirteach i bpróisis chomhairliúcháin agus chinnteoireachta agus in iarrachtaí comhpháirtíochta.

Is iad na saincheistanna comhionannais agus chearta an duine a dtabharfar aghaidh orthu agus an Dualgas á chur i bhfeidhm, faoi mar a bhaineann siad leis an luach seo agus le feidhmeanna Chomhairle Chontae na Gaillimhe ná:

- Easpa deiseanna chun cead cainte a bheith ag daoine agus páirt a ghlacadh i gcomhairliúcháin agus i bpróisis chinnteoireachta, lena n-áirítear:
 - easpa struchtúir agus córais i bhfeidhm le cead cainte a éascú do dhaoine;
 - dearadh míchuí ar struchtúir agus ar chórais ó thaobh cead cainte a thabhairt do dhaoine;
 - naimhdeas i leith na héagsúlachta agus cultúr eisiatach i struchtúir agus córais a éascaíonn cead cainte a bheith ag daoine; agus
 - raon teoranta réimsí beartais atá oscailte le haghaidh comhairliúcháin agus rannpháirtíochta.
- Easpa tionchair agus rannpháirtíocht bhríoch trí phróisis chomhairliúcháin agus i bpróiseas cinnteoireachta, easpa tionchair trí na próisis seo, agus easpa aiseolais tar éis comhairliúcháin agus rannpháirtíochta.
- Láithreachta teoranta daoine ó na grúpaí aitheanta i bpoist chinnteoireachta.
- Easpa ionadaíochta do dhaoine ó na grúpaí aitheanta sa saol poiblí agus polaitiúil, lena n-áirítear:
 - tearcionadaíocht ban i bpoist tofa; agus
 - easpa láithreachta an Lucht Siúil agus saoránaigh nach Éireannaigh iad i bpoist tofa agus mar iarrthóirí toghcháin.
- Acmhainní a bheith easpach, forbairt teoranta ina leith agus/nó iad a bheith teoranta don eagrú laistigh de roinnt grúpaí aitheanta.
- Easpa scileanna, eolais agus feasachta laistigh de na grúpaí sainaitheanta le haghaidh rannpháirtíochta éifeachtach a éascú.

4. Cur i bhFeidhm a Éascú

Ceannaireacht

Tugann na comhaltaí tofa ceannasaíocht ar chur i bhfeidhm an Dualgais. Tugann na comhaltaí tofa agus struchtúir na Comhairle, lena n-áirítear SPCanna:

- luachanna comhionannais agus cearta daonna san áireamh ina bplé agus déanann siad cinnte go gcomhlíontar an Dualgas ina gcinnteoireacht; agus
- bíonn siad cleachta ar an Dualgas agus ar a riachtanais agus ar phlean feidhmithe Chomhairle Chontae na Gaillimhe don Dualgas.

Tugann an bhainistíocht shinsearach ceannaireacht maidir le cur i bhfeidhm an Dualgais, trí:

- sheisiúin taithíochta a eagrú lena chinntiú go bhfuil tuiscint acu ar an Dualgas agus ar na riachtanais a bhaineann leis;
- an plean feidhmithe don Dualgas, agus pleananna bliantúla ina dhiaidh sin, a athbhreithniú agus a cheadú, agus tosaíocht eagraíochtúil a bhunú don Dualgas; agus
- an Dualgas a bhreithniú agus ailíniú a chinntiú le luachanna comhionannais agus cearta daonna sna cinntí agus sna gníomhartha a dhéanann an bhainistíocht shinsearach.

Is ar Fhoireann Bainistíochta Chomhairle Chontae na Gaillimhe faoi cheannas na Seirbhísí Corparáideacha atá an fhreagracht bhainistíochta as an Dualgas a chur i bhfeidhm.

Tionóltar Grúpa Oibre ar an Dualgas, a tharraingítear ó fud na heagraíochta, ar bhonn ráithiúil chun:

- pleananna bliantúla a ullmhú chun an Dualgas a chur chun feidhme – lena gcumhdaítear tionscnaimh éascaithe agus gníomhaíochtaí cur chun feidhme;
- tacaíocht a sholáthar do na hait sin a chuireann céim dhul i ngleic an Dualgais chun feidhme;
- tuarascáil a ullmhú, agus athbhreithniú agus machnamh inmheánach a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta, agus tacú leis sin, agus leis na céimeanna breise a d'fhéadfaí a ghlacadh chun é sin a neartú;
- lárchiste sonraí de thaifid a choinneáil ar chur i bhfeidhm an Dualgais laistigh de Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus ar an dul chun cinn agus na héachtaí atá déanta dá bharr sin; agus
- a shaineolas maidir leis an Dualgas agus a chur i bhfeidhm a chothabháil agus a chinntiú go gcuirtear ar chumas comhaltaí nua an leibhéal saineolais sin a bhaint amach.

Cultúr na hEagraíochta

Tugann an bhainistíocht shinsearach ceannaireacht do chultúr eagraíochtúil a bhaineann le comhionannas agus cearta daonna, trí luachanna comhionannais agus cearta daonna Chomhairle Chontae na Gaillimhe a chur i bhfeidhm go seasta ina gcuid cumarsáide, cinntí agus gníomhartha.

Áirítear le cumarsáid inmheánach agus sheachtrach fócas leanúnach cruthaitheach ar an Dualgas agus a chur i bhfeidhm i gComhairle Chontae na Gaillimhe, agus ar na luachanna comhionannais agus cearta daonna atá mar bhonn agus mar thaca leis sin, trí; na meáin shóisialta, suíomh Gréasáin, póstaeir; ríomhphoist uile-fhoirne; inlíon foirne; agus bloic sínithe ríomhphoist.

Eagraítear ceardlanna agus tionscnaimh foirne chun:

- eolas a chur ar an bhfoireann maidir leis an Dualgas agus ar uailmhianta Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir le comhionannas agus cearta daonna, an Dualgas agus na buntáistí a bhaineann lena chur i bhfeidhm; agus úinéireacht foirne a thógáil ar an bhfoireann agus iad ag iarraidh na huailmhianta seo a fhorbairt tuilleadh agus a bhaint amach;
- foireann a bheith rannpháirtíoch lenár luachanna comhionannais agus cearta daonna maidir le dínit, éagsúlacht, rannpháirtíocht agus cuimsiú, agus iniúchadh a dhéanamh ar conas is fearr is féidir linn leanúint ar aghaidh ag tabhairt éifeacht do na luachanna seo inár gcuid oibre mar eagraíocht agus mar fhoireann.

Gné de na téarmaí tagartha a forbraíodh do ghrúpaí agus struchtúir éagsúla laistigh den Chomhairle is ea an Dualgas, agus fócas ar na luachanna comhionannais agus cearta daonna atá mar bhonn agus mar thaca leis sin.

Forbairt Acmhainne

Cuirtear oiliúint shonrach ar fáil don fhoireann atá freagrach as chuimhneacháin thábhachtacha i gcur i bhfeidhm an Dualgais agus ar an gcur chuige a d'fhorbair Comhairle Chontae na Gaillimhe maidir lena chur i bhfeidhm.

Oiliúint do chomhaltaí tofa, don bhainistíocht shinsearach agus do chomhaltaí struchtúir na Comhairle, ar an Dualgas, ar an gcur chuige atá á ghlacadh maidir lena chur i bhfeidhm agus ar an uailmhian atá mar bhonn leis sin.

Áiríonn oiliúint foirne, lena n-áirítear oiliúint ionductaithe, tagairt don Dualgas agus baintear leas as na luachanna comhionannais agus cearta daonna atá mar bhonn agus thaca ag ár gcur chuige.

Tá fócas ar an Dualgas agus ar na luachanna comhionannais agus cearta daonna atá mar bhonn agus mar thaca lena chur i bhfeidhm, agus ar chleachtas foirne bunaithe ar na luachanna sin, san áireamh inár bpróiseas PMDS.

Comhairliúchán

Tá céimeanna á ghlacadh chun cur chuige comhairliúcháin a chumasú i gcur i bhfeidhm an Dleachta, ag dul i dteagmháil le heagraíochtaí na sochaí sibhialta a dhéanann ionadaíocht ar na grúpaí aitheanta, de réir mar is cuí, i:

- aon nuashonrú a dhéanamh ar ár measúnú ar shaincheisteanna comhionannais agus cearta an duine
- athbhreithnithe a dhéanamh agus pleananna, beartais, cláir agus straitéisí a fhorbairt;
- an measúnú tionchair ar chomhionannas agus ar chearta an duine a chur chun feidhme; agus
- pleananna, beartais agus gníomhaíochtaí a shainaithint agus a fhorbairt chun aghaidh dhíreach a thabhairt ar shaincheisteanna comhionannais agus cearta an duine.

Rianú

Neartaítear córais sonraí agus faisnéise, de réir mar is gá, chun tacú le rianú ár n-éachtaí agus an dul chun cinn faoin Dualgas maidir le dul i ngleic le saincheisteanna comhionannais agus cearta daonna mar a measúnú orthu.

Taifid leordhóthanacha agus oiriúnacha a choinneáil ar fud na heagraíochta, ar na céimeanna a glacadh maidir leis an Dualgas a chur i bhfeidhm agus ar a dtionchar, agus iad a chur ar fáil don Ghrúpa Oibre le coinneáil go lárnach chun comhlíonadh na dualgais a thaispeáint.

5. Cur i bhFeidhm

5.1 Plean a Chur i bhFeidhm

Is é Plean Corparáideach Chomhairle Chontae na Gaillimhe an príomhbhonn don Dualgas seo a chur i bhfeidhm. Áiríonn an Plean Corparáideach nasc le: an measúnú ar shaincheisteanna comhionannais agus cearta daonna agus leabhar fianaise; agus an plean cur chun feidhme don Dleacht don tréimhse atá clúdaithe ag an bPlean Corparáideach.

Tá cur i bhfeidhm leanúnach na Dualgais comhtháite i dtimthriall pleanála Chomhairle Chontae na Gaillimhe. San bPlean Bhliantúil um Sholáthar Seirbhíse:

- Beidh clibeanna pleananna, beartais, cláir agus straitéisí atá le hathbhreithniú nó le forbairt a bheidh faoi réir measúnú tionchair ar chomhionannas agus ar chearta an duine, mar chuid den Dualgas leanúnach faoi Alt 42(1);

- Tabharfar sainaithint do phleananna, beartais agus gníomhartha a thugann aghaidh go díreach ar shaincheisteanna comhionannais agus chearta an duine, mar chuid den Dualgas straitéiseach faoi alt 42(1); agus
- sainaithnítear na céimeanna a dhéanfar chun cur i bhfeidhm na Dleachta a chumasú, bunaithe ar an bplean cur chun feidhme seo.

Bailítear an t-eolas ansin i bhfoirm plean bliantúil chun an Dualgas a chur i bhfeidhm, a bheidh mar fhócas don ghrúpa oibre ar an Dualgas i rith na bliana.

5.2 Dualgais Leanúnach

Gach bliain, sainaithnítear príomhchéimeanna maidir le cur i bhfeidhm na Céime Freagartha i dtéarmaí próisis forbartha agus athbhreithnithe maidir le polasaithe, pleananna, seirbhísí agus clár le forbairt nó athbhreithniú, a mbeidh measúnú tionchair comhionannais agus cearta daonna i gceist leo, lena n-áirítear:

- Plean Forbartha Contae.
- Straitéisí oibriúcháin agus pleananna seachadta seirbhíse, mar shampla an Plean Geilleagrach agus Pobail Áitiúil, an plean do dhaoine gan dídean, an Clár Cóiríochta do Thaistealaithe, an clár cairdiúil d'aois, an straitéis in aghaidh iompar frithshóisialta, an plean forbartha leabharlanna, pleananna cumarsáide, agus an straitéis dhigiteach.
- Polasaithe agus nósanna imeachta oibriúcháin i soláthar seirbhísí agus cur i bhfeidhm clár, mar shampla an scéim leithroinnte tithíochta agus cairt na gcustaiméirí agus an plean gníomhaíochta seirbhíse do chustaiméirí.
- Polasaithe agus nósanna imeachta acmhainní daonna, mar shampla an polasaí earcaíochta.
- Straitéisí, polasaithe agus nósanna imeachta corparáideacha, mar shampla an clár riosca corparáideach agus an clár eitice.
- Próiseas dearadh do thionscnaimh sa réimse poiblí, do fhoirgnimh agus bonneagar, agus do chlár agus seirbhísí.
- Beidh nósanna imeachta soláthair agus maoiniúcháin/cúnamh deontas á n-athbhreithniú agus á leasú le dul i dtreo próisis a chruthú inar féidir an Dleacht a chur ar aghaidh chuig an eagraíocht chonarthathta nó ghlactha, ar bhealach atá oiriúnach do nádúr agus scála na heagraíochta.

D'fhéadfadh sé seo a bheith cláraithe cheana féin le haghaidh athbhreithnithe nó forbartha, nó d'fhéadfadh an Roinn iad a roghnú le haghaidh athbhreithnithe trí mheasúnú tionchair comhionannais agus cearta daonna chun a bhfeidhmíocht sa réimse seo a fheabhsú.

5.3 Measúnú Comhionannais agus Freagairt Tionchair Cearta Daonna

Déantar an measúnú tionchair ar chomhionannais agus ar chearta an duine chun an chéim Freagartha den Dualgas a chur i bhfeidhm. Is Dualgas leanúnach é freisin, faoi Alt 42(1), ar oibleagáid na heagraíochta. Agus, san áireamh anseo, cuirtear i bhfeidhm é mar chuid lárnach de fhorbairt agus athbhreithniú pleananna, polasaithe, clár agus straitéisí - a sainithníodh mar phríomhchéimeanna maidir le cur i bhfeidhm an Dualgais.

Tá an measúnú tionchair comhionannais agus cearta daonna freagrach ar an Roinn atá ag forbairt nó ag athbhreithniú an phlean, an pholasaí, an chlár nó na straitéise. Tá teimpléad forbartha ag Comhairle Chontae na Gaillimhe chun cabhrú leis na Ranna an measúnú tionchair comhionannais agus cearta daonna a dhéanamh agus chun cur chuige comhleanúnach ar fud na heagraíochta a chinntiú.

Ag tús an phróisis forbartha/athbhreithnithe, déanann an Roinn:

- Athbhreithniú ar mheasúnú saincheistanna comhionannais agus cearta daonna chun a dheimhniú na saincheistanna a bhaineann leis an bplean, leis an mbeartas, leis an straitéis nó leis an gclár ar leith.
- Sonraí a bhailiú agus an fhaisnéis atá ar fáil maidir leis na saincheistanna comhionannais agus cearta daonna a aithníodh mar nithe ábhartha, d'fhéadfadh an leabhar fianaise don mheasúnú cabhrú sa chás seo.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an ráiteas um luachanna comhionannais agus cearta daonna chun na ráitis toraidh nó ráitis phróisis ábhartha a bhaint as.

Agus an próiseas forbartha/athbhreithnithe á chur i bhfeidhm, déanann an Roinn:

- Fócas a chur san áireamh ar na saincheistanna ábhartha comhionannais agus cearta daonna in aon mheastóireacht nó athbhreithniú comhthéacsúil a dhéantar mar chuid den phróiseas forbartha/athbhreithnithe.
- Tarchuir na hoibleagáidí faoin Dualgas chuig aon chomhairleoir seachtrach ar conradh agus cinntigh go bhfuil siad ar an eolas go hiomlán maidir leis seo.
- Rianiú na saincheistanna ábhartha comhionannais agus cearta daonna chun a chinntiú go dtugtar aghaidh orthu agus na tagarmharcanna luachanna chun a chinntiú go bhfuil meas orthu le linn an phróisis forbartha/athbhreithnithe.

Ag an dréachtchéim deiridh den phróiseas forbartha/athbhreithnithe, déanann an Roinn:

- Cruinniú den fhoireann ábhartha a thionóil chun a sheiceáil go dtugann an dréacht aghaidh go leordhóthanach agus go cuí ar gach ceann de na saincheistanna comhionannais agus cearta daonna a aithníodh mar nithe ábhartha, agus go bhfuil sé ailínithe leis na ráitis tosaíochta agus próisis ábhartha sa ráiteas um luachanna comhionannais agus cearta daonna, ag baint úsáide as agus ag comhlánú teimpléad Chomhairle Chontae na Gaillimhe atá forbartha chuige seo.
- Déan cleachtadh rannpháirtíoch, le haghaidh tionscnamh scála, leis an ngrúpa oibre don Dualgas agus, b'fhéidir, le hionadaithe na ngrúpaí sainaitheanta chun a sheiceáil

go bhfuil na saincheisteanna comhionannais agus cearta daonna sainaitheanta agus dírithe go leordhóthanach agus go cuí.

Tar éis an phróisis forbartha/athbhreithnithe:

- Bunaigh agus/nó úsáid córais mhonatóireachta atá ann cheana chun dul chun cinn a rianú ar na saincheisteanna comhionannais agus cearta daonna a aithníodh mar nithe ábhartha.
- Tuairiscigh go bliantúil ar an dul chun cinn atá déanta maidir le dul i ngleic le saincheisteanna comhionannais agus cearta daonna – céim na Tuarascála den Dualgas.
- Bain úsáid as an tuarascáil sin chun machnamh a dhéanamh ar an dul chun cinn agus chun an plean, an beartas nó an clár a neartú de réir mar is gá.

5.4 Dualgas Straitéiseach

Gach bliain, tá gníomhartha, pleananna agus cláir áirithe i bhfeidhm nó beartaithe chun dul i ngleic go díreach le saincheisteanna tosaíochta ón measúnú ar shaincheisteanna comhionannais agus cearta daonna. Áirítear iad seo faoi láthair, mar atá leagtha amach sa Phlean Corparáideach:

- Straitéis Cairdiúil don Aois
- Plean Straitéiseach maidir le Daoine le Míchumas a Thithíocht
- Straitéis Míchumais
- Clár Cóiríochta don lucht siúil
- Straitéis Lánpháirtíochta Imirceach

6. Tuairisc

Áireofar i dTuarascáil Bhliantúil Chomhairle Chontae na Gaillimhe tuarascáil ar na forbairtí agus ar an méid atá bainte amach i gcur i bhfeidhm an Dualgais, bunaithe ar thuarascáil a d'ullmhaigh an grúpa oibre. Sainaitníodh an tuairisc seo:

- torthaí nua do na grúpaí aitheanta don Dleacht;
- forbairtí agus feabhsuithe i soláthar feidhmeanna Chomhairle Chontae na Gaillimhe; agus
- feabhsuithe i bpróisis na Roinne chun fócas ar chomhionannas agus cearta daonna a chur isteach go daingean.

Eagróidh nó tacóidh an grúpa oibre le próiseas machnaimh ar an tuarascáil seo d'fhonn an rath a cheiliúradh agus pleananna, beartais agus gníomhartha a neartú chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna comhionannais agus cearta daonna de réir mar is gá.